


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | Oifig um Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD |
| **Scoil \| Aonad** | UCD mar Ollscoil Dhomhanda |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair** | Oifigeach Earcaíochta (Bainistíocht Cainéil) |
| **Tréimhse an Phoist:** | Conradh sealadach, 5 bliana |
| **Grád:** | Oifigeach Riaracháin II |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:** | Cumarsáid agus Margaíocht - CM-3-A – Leibhéal Gairme 3 |
| **Uimhir Thagartha um Ghrádú Phoist:** | 2022-06-036 |
| **Bainisteoir Líne:** | Bainisteoir Earcaíochta (Margaí agus Oibríochtaí Domhanda) (nó ainmní) |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | Kim Hannon |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna:** | 019453 |

## Achoimre ar an bPost:

Stiúrann agus treoraíonn UCD mar Ollscoil Dhomhanda, straitéisí domhanda na hollscoile, ag soláthar saincheannaireachta i gcomhpháirtíochtaí agus rannpháirtíocht, earcaíocht agus tacaíocht maidir le mic léinn idirnáisiúnta, foireann isteach agus amach agus soghluaisteacht mac léinn, agus gnéithe idirnáisiúnta eispéireas na mac léinn.

Trí chaidreamh a threisiú le páirtithe leasmhara seachtracha, feidhmíonn UCD mar Ollscoil Dhomhanda sa spás ina n-idirghníomhaíonn an ollscoil agus an pobal idirnáisiúnta le chéile. Tacaíonn sí le ceannairí na hollscoile chun beartas a mhúnlú, oibríonn sí le Coláistí/Scoileanna agus le haonaid tacaíochta eile chun seachadadh a chinntiú, agus téann sí i mbun plé le mic léinn agus le baill foirne chun rath agus tionchar a thomhas.

Is i mBaile Átha Cliath atá ceanncheathrú UCD mar Ollscoil Dhomhanda agus chomh maith leis sin stiúrann agus bainistíonn sí líonra Ionad Domhanda na hollscoile, a fheidhmíonn mar mhoil do ghníomhaíocht UCD i Meiriceá Thuaidh, sa tSín, san Áis Theas, i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, agus sa Mheánoirthear.

Fáiltítear roimh iarratais ar an bpost mar Oifigeach Earcaíochta (Bainistíocht Cainéil). Tá sealbhóir an phoist freagrach don Stiúrthóir Cúnta, Earcaíocht Mac Léinn Idirnáisiúnta (nó ainmní) agus tacóidh sealbhóir an phoist le hearcaíocht de mhic léinn idirnáisiúnta ar son na hollscoile, trí bhainistíocht a dhéanamh ar rannpháirtíocht UCD le comhpháirtithe a ghineann ábhar mac léinn agus a dhéanann bolscaireacht dhigiteach, agus trí gníomhaíocht spriocdhírithe a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht ardscoile idirnáisiúnta. Chomh fada is a bhaineann leis an bpost seo, beidh tábhacht ar leith ag baint leis an gcumas anailís a dhéanamh ar fheidhmíocht cainéil earcaíochta agus ar shonraí tiontaithe mac léinn, agus tuarascálacha agus moltaí a ghiniúint i gcomhar le comhghleacaithe i mBaile Átha Cliath agus in Ionaid de chuid UCD mar Ollscoil Dhomhanda.

Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi ina g(h)airmí fuinniúil maidir le hEarcaíocht Mac Léinn Idirnáisiúnta ar féidir leis/léi smaointeoireacht úr a thabhairt, sármhaitheas sa tseirbhís a chur ar fáil agus daoine eile a spreagadh chun torthaí den chéad scoth a bhaint amach, i dtimpeallacht spriocdhírithe.

### Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

**Bainistiú agus Tuairisciú**

- Tacaíocht a thabhairt don ollscoil chun mic léinn idirnáisiúnta a earcú, trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- bainistíocht a dhéanamh ar rannpháirtíocht UCD mar Ollscoil Dhomhanda le comhpháirtithe na n-ardán digiteach, agus;
- bainistíocht cainéil a dhéanamh ar rannpháirtíocht ardscoile idirnáisiúnta.

- Tabhairt faoi anailís leanúnach d'fheidhmiú cainéil earcaíochta i gcomhar le comhghleacaithe ar an bhfoireann Earcaíochta agus Iontrála de chuid UCD mar Ollscoil Dhomhanda agus ar Fhoirne Réigiúnacha de chuid UCD mar Ollscoil Dhomhanda, agus fócas ar leith ar rannpháirtíocht na n-ardán digiteach agus líonraí na hardscoile.
- Tuarascálacha ráithiúla a ullmhú ar rannpháirtíocht na n-ardán digiteach agus anailís ar rannpháirtíocht ardscoile, agus treoir a thabhairt do na foirne maidir le deiseanna feabhsúcháin agus rannpháirtíochta breise.
- Caidreamh le comhpháirtithe na n-ardán digiteach a bhainistiú. Áirítear leis seo, oibriú le Foirne Réigiúnacha UCD (a aithníonn comhpháirtithe nua féideartha) chun dícheall cuí agus rannpháirtíocht a bhainistiú; agus chun an próiseas athbhreithnithe agus athnuachana caidrimh a sheachadadh. Áiríonn sé seo freisin a chinntiú go bhfuil an t-eolas is déanaí faoi UCD foilsithe ar na hardáin dhigiteacha, lena n-áirítear aon ábhar tagartha atá curtha ar fáil.
- Comhoibriú le haonaid eile UCD a thugann tacaíocht do rannpháirtíocht na n-ardán digiteach agus do rannpháirtíocht líonra na hardscoile.
- Taifid bheachta a chothabháil, agus tuarascálacha a fhorbairt, agus anailís a dhéanamh orthu, lena n-gcumasófar faireachán feidhmíochta ar ardáin bholscaireachta digiteacha.
- tacaíocht a thabhairt do chuairteanna cleachta is eolais ag comhairleoirí ardscoile chuig campas UCD.

**Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara**

- Caighdeán ard de sheirbhís custaiméirí agus de chúram a chur ar fáil do chomhpháirtithe earcaíochta.
- Caidreamh sármhaith a fhorbairt agus a chothabháil le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha, lena n-áirítear Coláistí agus Scoileanna UCD.
- Punann de chaidrimh sheachtracha a fhorbairt agus a bhainistiú.
- Ionadaíocht a dhéanamh do UCD ag imeachtaí ardphróifíle thar lear agus ar an gcampas.

**Freagrachtaí Eile**

- Obair chomhoibríoch a dhéanamh leis an bhfoireann leathnaithe in UCD mar Ollscoil Dhomhanda chun tacú le Straitéis Rannpháirtíochta de chuid UCD mar Ollscoil Dhomhanda; tionscadail agus grúpaí oibre a stiúradh de réir mar a iarrtar.
- Tabhairt faoi fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil leanúnach i gcomhréir le héilimh an róil, lena n-áirítear tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ábhartha oiliúna agus forbartha chun iad féin a fhorbairt agus chun tacú le forbairt daoine eile.
- Comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus tacú le héagsúlacht agus ionchuimsiú chomh maith le hoibriú chun tacú le clár oibre agus cleachtais inbhuanaitheachta na hOllscoile.
- Dualgais eile, de réir mar is gá ó am go chéile ag teacht le scóip an róil seo.

## Scála Tuarastail:

### 95 Oifigeach Riaracháin II_2010 Scála Tuarastail: €51,999 - €66,464 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht ionchuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Fáiltímid roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear iad siúd a shainaithníonn aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

## Critéir Roghnúcháin

Tá Creat Cnuasach Poist ag UCD agus is cuid den Chnuasach Poist **Cumarsáide agus Margaíochta é an ról seo agus tá sé ailínithe le Leibhéal Gairme 3.** Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha a

ndéantar cur síos orthu sa Chreat Creat Cnuasach Poist le fáil ag https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

**Éigeantach:**

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- 3-4 bliana de thaithí ghairmiúil ag obair in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus/nó céim tríú leibhéal ábhartha (agus d'fhéadfadh cáilíocht iarchéime ábhartha a bheith ag teastáil).
  **Inniúlachtaí Feidhmiúla**
- **Margaíocht (Leibhéal Inniúlachta 2):** Eolas maith ar choincheapa, prionsabail, teicnící agus cleachtais mhargaíochta chun dul i bhfeidhm ar spriocphobail agus chun tionchar a imirt orthu.
- **Earcaíocht Mac Léinn (Leibhéal Oilteachta 2)**: Eolas suntasach ar earcaíocht mac léinn agus ar choincheapa, prionsabail agus cleachtais teagmhála custaiméirí chun eolas a roinnt le mic léinn ionchasacha agus chun iad a thiontú.
- **Caidreamh Seachtrach agus Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara (Leibhéal Inniúlachta 2):** Eolas suntasach ar chaidreamh seachtrach, gnóthaí poiblí agus coincheapa, prionsabail agus cleachtais a bhaineann le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara.

**Príomhinniúlachtaí**

- **A Bheith Tionscantach (Leibhéal Oilteachta 3):** Sárchumas chun a bheith tionscantach trí ghníomhú go luath chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus ar a bhfuascailt agus an cumas fadhbanna a réiteach.
- **Fócas Seirbhíse agus Nuálaíocht (Leibhéal Oilteachta 3**): Tuiscint mhaith ar riachtanais custaiméirí agus a bheith ullamh chun freagairt dóibh. Raon smaointe nuálacha a ghiniúint chun a chinntiú go bhfuil córais/nósanna imeachta níos saoráidí do chustaiméirí.
- **Pleanáil agus Eagrú (Leibhéal Oilteachta 3**): Cumas suntasach chun gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a scaradh agus a nascadh lena chéile chun aschur a sholáthar de réir tréimhse ama shoiléir agus cuspóirí Scoile/Aonaid/Coláiste/Ollscoile a chomhlíonadh.
- **Cumarsáid Éifeachtach (Leibhéal Oilteachta 3):** Sárscileanna cumarsáide á léiriú trí chumarsáid scríofa agus ó bhéal atá soiléir, gan débhrí, trédhearcach agus comhsheasmhach le Luachanna UCD. Eolas agus smaointe a chur in iúl agus a leithéid a roinnt le daoine eile, éisteacht go cúramach, míthuiscint a shoiléiriú agus tuairimí difriúla a chur san áireamh.
- **Caidreamh a Fhorbairt (Leibhéal Inniúlachta 2):** Cumas suntasach chun caidreamh oibre éifeachtach a bhunú laistigh dá réimse féin agus go ginearálta. Spreagann sé/sí comhoibriú agus obair i gcomhpháirt le daoine eile.
- **Feasacht Eagraíochta (Leibhéal Oilteachta 1):** Tuiscint mhaith a léiriú ar an Timpeallacht Ardoideachais ina bhfuil UCD ag feidhmiú.
- **Athrú a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 1):** Cumas sásúil chun tairbhe a bhaint as cur chuige dearfach maidir le déileáil le hobair agus le hathrú. Fáilte a chur roimh aiseolas maidir le feidhmíocht agus déileáil leis ar bhealach cuiditheach.
- **Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú**: Tiomantas a léiriú don chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe.

**Inmhianaithe:**

- Taithí ar ardoideachas idirnáisiúnta agus ar earcaíocht mac léinn idirnáisiúnta.
- Taithí ar thaighde margaidh agus/nó ar anailís sonraí.

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí | https://strategy.ucd.ie/ |
| Oifig um Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD: | https://www.ucd.ie/globalengagement/ |

| | |
|---|---|
| UCD mar Ollscoil Dhomhanda: | https://www.ucd.ie/global/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD: | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmiúla AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | Lorraine Woods |
| Teideal: | Bainisteoir Earcaíochta (Margaí Domhanda agus Oibríochtaí) |
| Seoladh ríomhphoist: | katie.kelly@ucd.ie |
| Fón: | N/B |